Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 26 Aibreán 2019**
**(OR. en)**

**8639/19**

**EDUC 212**
**SOC 318**
**EMPL 236**
**MI 384**
**ECOFIN 424**
**DIGIT 80**
**JEUN 59**
**SPORT 44**

**NÓTA**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | Coiste na mBuanionadaithe |
| Uimh. an doic. roimhe seo: | 7930/19 |
| Ábhar: | Dréacht-Chonclúidí ón gComhairle maidir le cur chun feidhme an Mholta ón gComhairle maidir le conairí uas-scilithe: Deiseanna nua do dhaoine fásta<br>– Glacadh |

D'ullmhaigh an Coiste Oideachais na dréachtchonclúidí thuas d'fhonn go nglacfaí iad ag an gComhairle Oideachais, Óige, Cultúir agus Spóirt ar an 22-23 Bealtaine 2019. Tá na toscaireachtaí uile ar aon fhocal anois maidir lena bhfuil sa téacs.

Iarrtar ar Choiste na mBuanionadaithe dá réir sin an téacs a chur ar aghaidh chuig an gComhairle lena ghlacadh agus, tar a éis sin, lena fhoilsiú san Iris Oifigiúil.

**Dréacht**

**Conclúidí ón gComhairle maidir le cur chun feidhme an Mholta ón gComhairle maidir le conairí uas-scilithe: Deiseanna nua do dhaoine fásta**

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

1. AG MEABHRÚ DI an cúlra polaitiúil a bhaineann leis an tsaincheist seo, mar a leagtar amach san Iarscríbhinn a ghabhann leis na conclúidí seo, agus go háirithe, maidir le:

   (a) gné shóisialta an oideachais mar a luaitear sa chéad phrionsabal de Cholún Eorpach na gCeart Sóisialta: tá cách i dteideal oideachas, oiliúint agus foghlaim ar feadh an tsaoil atá ar ardcháilíocht agus ionchuimsitheach a fháil, d'fhonn scileanna a choinneáil agus a fháil a chuirfidh ar chumas an duine sin a bheith rannpháirteach go hiomlán sa tsochaí agus oiriúnú mar is cuí don mhargadh saothair[1];

   (b) féachtar le Sprioc Forbartha Inbhuanaithe 4 de chuid na Náisiún Aontaithe maidir le hoideachas atá ar ardcháilíocht, cothrom agus ionchuimsitheach a áirithiú agus deiseanna foghlama ar feadh an tsaoil a chur chun cinn do chách. Mar a luadh sa pháipéar machnaimh ón gCoimisiún *Towards a Sustainable Europe by 2030* [I dtreo Eoraip Inbhuanaithe faoi 2030], "tá síorathrú i gceist do chách. Ní mór don oideachas, eolaíocht, teicneolaíocht, taighde agus nuálaíocht a bheith ann chun geilleagar inbhuanaithe a bhaint amach san Aontas a chomhlíonann Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe na Náisiún Aontaithe";

   (c) ghlac an Chomhairle Conclúidí ar an 22 Bealtaine 2018 maidir le dul chun cinn i dtreo fís de Limistéar Eorpach Oideachais[2], inar leagadh amach gur cheart an fhoghlaim ar feadh an tsaoil leanúnach a bheith ina bhonn taca don Limistéar Eorpach Oideachais, agus chuir sí i dtreis nach mór gach leibhéal agus sórt oideachais agus oiliúna a chur san áireamh, lena n-áirítear oideachas do dhaoine fásta agus gairmoideachas agus gairmoiliúint mar chuid de thionscnaimh an Limistéir Eorpaigh Oideachais.

[1] 13129/17.
[2] IO C 195, 7.6.2018, lch. 7.

(d) fágann an daonra atá ag dul in aois san Aontas, an méadú atá ag teacht ar fhad saoil an duine agus an gá atá le comhar idirghlúine a chothú, an dlús atá le hathruithe ar mhargadh an tsaothair, cineálacha nua oibre atá ag teacht chun cinn agus ar theacht i bhfód teicneolaíochtaí digiteacha maidir le gach gné den saol laethúil, fágann an méid sin ar fad go bhfuil éileamh níos mó ná riamh ar scileanna nua agus ar leibhéal níos airde scileanna, eolais agus inniúlachtaí; fágann sin go bhfuil práinn sa bhreis leis an ngá atá ann na daoine sin go léir nár éirigh leo na bunscileanna a thabhairt leo nó nár bhain amach cáilíocht a chinnteodh a saoránacht ghníomhach agus a n-infhostaitheacht a uas-sciliú nó a athoiliúint;

(e) i bhfianaise na n-athruithe ollmhóra atá ag tarlú ar na margaí saothair, tá oideachas agus oiliúint atá ar ardcháilíocht agus ionchuimsitheach ag gach céim den saol níos tábhachtaí anois ná riamh, agus is den ríthábhacht go gcuirfeadh an tAontas cur chuige straitéiseach i bhfearas i ndáil le huas-sciliú agus athoiliúint maidir le foghlaim ar feadh an tsaoil agus forbairt scileanna; léiríonn roinnt de na sonraí go mbeidh uas-sciliú agus athoiliúint de dhíth ar 54 % den lucht fostaíochta uile faoin mbliain 2022[3];

(f) níor chorraigh tagarmharc ET2020 (Oideachas agus Oiliúint 2020) don fhoghlaim aosach le deich mbliana anuas san Aontas: in 2017, bhí 10.9 % de dhaoine fásta, a raibh gníomhaíocht éigin foghlama déanta acu le déanaí, le hais tagarmharc 2020 de 15 %[4];

(g) ar cheann de na príomhdhúshláin atá le sárú ag na Ballstáit éagsúla san am atá romhainn, mar a shainaithnítear sna moltaí tír-shonracha laistigh den Seimeastar Eorpach, tá uas-sciliú, athoiliúint agus foghlaim ar feadh an tsaoil;

---

3 an Fóram Eacnamaíoch Domhanda: Tuarascáil 2018 maidir leis an bhFostaíocht amach anseo.
4 Suirbhé 2018 ar an bhFórsa Saothair.

(h) in 2017, níor éirigh le 61 mhilliún duine fásta idir 25 agus 64 bliain d'aois san Aontas Eorpach meánoideachas deiridh céime a bhaint amach[5]; sa tréimhse chéanna, (2017), 10.6 % a bhí i sciar na luathfhágálaithe oideachais agus oiliúna; tá sé sin anois cóngarach don sprioc a leagadh síos don bhliain 2020, eadhon gur lú ná 10 % sciar na luathfhágálaithe oideachais agus oiliúna. Bíodh sin mar atá, tá éagsúlacht mhór sna rátaí ó Bhallstát amháin go Ballstát eile; tá 43 % de phobal an Aontais taobh le leibhéal neamhleor scileanna digiteacha agus 17 % atá gan leibhéal[6]; agus tá thart ar 20 % den daonra fásta sna tíortha sin atá rannpháirteach i Suirbhé OECD ar Inniúlachtaí an Duine Fásta (PIAAC)[7] ag streachailt le bunscileanna litearthachta agus uimhearthachta. Is den riachtanas go ndéanfaí freastal ar na daoine sin go pras;

i) ní mór fuineadh de réir na mine; tá riachtanais shonracha acu siúd atá fostaithe, dífhostaithe agus iad siúd atá neamhghníomhach agus ag na foghrúpaí éagsúla go léir; maidir leis na himircigh agus dídeanaithe sin atá ina gcónaí go dleathach sa tír, cuirfear dlús lena n-iontráil ar an margadh saothair chomh maith lena lánpháirtiú leis an bpobal nua ach a gcuid scileanna agus inniúlachtaí agus a n-uas-sciliú agus athoiliúint a mheasúnú agus a bhailíochtú;

(j) féadfaidh an infheistíocht in uas-sciliú agus athoiliúint éifeacht eacnamaíoch láidir a imirt, lena n-áirítear méadú táirgiúlachta agus fás eacnamaíoch; pobal níos oilte agus níos inniúla chun an nuálaíocht agus an dul chun cinn teicneolaíoch a spreagadh[8]; méadú ar an ioncam cánach agus laghdú ar an gcaiteachas poiblí mar gheall ar dhea-shláinte an duine, an rannpháirtíocht shóisialta agus shibhialta agus baint níos lú a bheith i gceist leis an ngníomhaíocht choiriúil[9];

---

**5** Suirbhé 2018 ar an bhFórsa Saothair.
**6** Tuarascáil maidir le scileanna digiteacha agus ríomh-ionchuimsithe, an Coimisiún Eorpach (sonraí i leith 2017).
**7** an Ostair, an Bheilg (Flóndras), an tSeicia, an Ghearmáin, an Danmhairg, an Eastóin, an Ghréig, an Spáinn, an Fhionlainn, Éire, an Iodáil, an Liotuáin, an Ísiltír, an Pholainn, an tSualainn, an tSlóivéin, an tSlóvaic, an Ríocht Aontaithe agus an Ungáir.
**8** OECD, PIAAC, (2016).
**9** *Skills Matter*, OECD (2016).

(k) maidir leis an duine aonair, féadfaidh an t-uas-sciliú agus athoiliúint cur le deiseanna infhostaitheachta níos fearr, tuilleamh níos airde a shaothrú, mar aon le sláinte agus folláine níos fearr agus saoránacht agus cuimsiú sóisialta níos gníomhaí a bhaint amach. Mar sin féin, d'fhéadfadh sé go mbeadh deacrachtaí ag duine nó ag fostóirí na héifeachtaí seo a shainaithint, rud a fhágann nach mbacann siad tabhairt faoin uas-sciliú agus athoiliúint. Ar an ábhar sin, ní mór dreasachtaí cearta a bhunú ar mhaithe le feasacht a spreagadh agus ugach a thabhairt dóibh tabhairt faoi bhreis foghlama agus oiliúna;

(l) i bhfianaise an mhéid sin, ghlac an Chomhairle ar an 19 Nollaig 2016 an Moladh maidir le conairí uas-scilithe: Deiseanna nua do dhaoine fásta ("an Moladh")[10], ina n-éilítear go gcuirfí cur chuige straitéiseach comhordaithe i bhfearas d'fhonn deiseanna foghlama comhleanúnacha a chur ar fáil do 61 mhilliún[11] duine fásta de chuid an Aontais atá ar bheagán oiliúna agus/nó ar bheagán cáilíochtaí agus atá ceaptha tacú le daoine fásta atá ar íosleibhéal scileanna agus cáilíochtaí cur lena mbunscileanna, eadhon scileanna litearthachta, uimhearthachta agus digiteacha, agus/nó tacar scileanna, eolais agus inniúlachtaí níos fairsinge a shealbhú agus dul chun cinn a dhéanamh chun cáilíochtaí is airde ná sin a bhaint amach;

(m) moltar sa Mholadh maidir le conairí uas-scilithe go dtabharfadh na Ballstáit an deis dóibh siúd atá ar bheagán oiliúna agus/nó ar bheagán cáilíochtaí rochtain a fháil ar dheiseanna uas-scilithe ar bhealach sorochtana agus sin a bheith bunaithe ar thrí chéim ina mbeidh: measúnú a dhéanamh ar na scileanna atá acu cheana féin chun na riachtanais uas-scilithe a bheidh uathu feasta a shainaithint; foghlaim agus meantóireacht shaincheaptha a thairiscint chun na scileanna a thabhairt cothrom le dáta agus pé bearnaí atá ann a líonadh; agus an deis a bheith ann dóibh na scileanna, an t-eolas agus na hinniúlachtaí sin atá sealbhaithe acu a bhailíochtú agus a aithint d'fhonn cáilíocht a bhaint amach nó rochtain a fháil ar fhostaíocht.

---

10 IO C 484, 24.12.2016, lch. 1.

11 In 2017, cáilíocht iar-bhunoideachas sóisearach, ar a mhéad, a bhí ag 61.3 milliún duine idir 25 agus 64 bliana d'aois (Eurostat, Suirbhé 2018 ar an bhFórsa Saothair). In 2012, an bhliain ar bailíodh sonraí PIACC, cáilíocht iar-bhunoideachas sóisearach, ar a mhéad, a bhí ag 70 milliún duine idir 25 agus 64 bliana d'aois (de réir Shuirbhé ar an bhFórsa Saothair). Tá laghdú tagtha ar an líon sin gach bliain ó shin, go háirithe mar gheall ar na nithe seo a leanas: a) tá leibhéal níos airde oideachais bainte amach acu siúd atá ag teannadh le 25 bliana d'aois de réir mar a chríochnaíonn daoine óga meánoideachas deiridh céime nó a chomhionann, agus b) tá leibhéal níos ísle oideachais ag na daoine sin atá in aois scoir, den chuid is mó, cé is moite de roinnt de thíortha na hEorpa Thoir.

2. TUGANN SÍ DÁ hAIRE doiciméad inmheánach oibre de chuid an Choimisiúin[12] maidir le machnamh a dhéanamh ar na bearta cur chun feidhme, a foilsíodh i gcomhréir le forálacha an Mholta.

3. TUGANN SÍ DÁ hAIRE an dul chun cinn atá déanta maidir leis na nithe seo a leanas, agus go háirithe:

(a) gur spreag glacadh an Mholta, i roinnt de na Ballstáit, díospóireacht náisiúnta agus athbhreithniú criticiúil i leith na gclár atá ann cheana;

(b) go bhfuil roinnt de na Ballstáit, i gcomhréir le cuspóirí an Mholta, ag cur tús le cláir oibre nua beartais chun tacú le daoine fásta tabhairt faoi uas-sciliú agus athoiliúint;

(c) cé go ndírítear, den chuid is mó, sna beartais a thuairiscítear, ar dhaoine fásta atá dífhostaithe, go bhfuil roinnt de na Ballstáit ag díriú freisin ar thacú le fostaithe atá ar bheagán oiliúna – sciar nach beag den spriocghrúpa;

(d) go bhfuil cuid mhaith de na Ballstáit ag baint leasa as na cineálacha éagsúla tacaíochta a chuireann cláir an Aontais ar fáil.

4. CUIREANN SÍ i bhFÁTH go bhfuil sí tiomanta don uaillmhian a leagtar amach sa Mholadh, agus IARRANN SÍ ar na Ballstáit, i bhfianaise an Mholta agus .i gcomhréir leis an reachtaíocht, na himthosca agus na hacmhainní atá ann ar an leibhéal náisiúnta, agus i ndlúthchomhar le comhpháirtithe sóisialta agus soláthraithe oideachais agus oiliúna, i gcás inar féidir, na nithe seo a leanas a dhéanamh:

(a) bearta inbhuanaithe fadtéarmacha do dhaoine fásta maidir le huas-sciliú agus athoiliúint a chur ar bun mar chuid de chur chuige straitéiseach níos fairsinge i dtaca le scileanna a fhorbairt ar feadh an tsaoil;

[12] "Moladh ón gComhairle maidir le conairí uas-scilithe: Deiseanna nua do dhaoine fásta: machnamh a dhéanamh ar na bearta cur chun feidhme" SWD(2019) 89 final.

(b) cur chuige straitéiseach comhleanúnach a ghlacadh maidir le soláthar bunscileanna do dhaoine fásta atá ar bheagán oiliúna agus/nó ar bheagán cáilíochtaí, a mbeidh comhordú agus comhpháirtíochtaí idir na gníomhaithe ábhartha uile lena mbaineann mar bhunchloch leis, agus a bheidh ina chuid de straitéisí scileanna nó pleananna gníomhaíochta iomlánaíocha;

(c) comhpháirtíochtaí a spreagadh chun cur chuige iomlánaíoch a ghlacadh a mbeidh gníomhaithe ábhartha bainteach leis lena n-áirítear comhpháirtithe sóisialta as réimsí beartais eile (sóisialta, fostaíocht, oideachas agus oiliúint) chun soláthar bunscileanna dírithe ar dhaoine fásta atá ar bheagán oiliúna agus/nó ar bheagán cáilíochtaí a chomhtháthú le seirbhísí eile;

(d) feasacht na bhfostóirí a mhéadú – go mór mór FBManna – maidir leis an tábhacht a bhaineann leis an uas-sciliú agus athoiliúint agus i ndáil leis na sásraí tacaíochta atá ar fáil maidir le forbairt scileanna do dhaoine fásta agus na fostóirí sin a spreagadh chun deiseanna oiliúna a chur chun cinn agus a thairiscint dá bhfostaithe;

(e) an soláthar a dhíriú go sonrach chun cuidiú le tairbhithe bunleibhéal, ar a laghad, a bhaint amach i dtaca le trí bhunscil, eadhon scileanna litearthachta, uimhearthachta agus digiteacha, mar aon le príomhinniúlachtaí eile atá ábhartha d'fhonn rannpháirtíocht ghníomhach a bhaint amach sa tsochaí agus ar mhaithe leis an bhfostaíocht inbhuanaithe;

(f) i gcás inarb iomchuí, a áirithiú go mbainfidh trí chéim le soláthar den sórt seo: measúnú a dhéanamh ar na scileanna, foghlaim shaincheaptha sholúbtha a thairiscint agus na scileanna, an t-eolas agus na hinniúlachtaí sin atá sealbhaithe a bhailíochtú agus a aithint;

(g) deiseanna foghlama a thairiscint atá saincheaptha go sonrach do riachtanais foghlama an tairbhí sin, mar a shainaithnítear sa mheasúnú scileanna, agus bunaithe ar fhaisnéis i ndáil le deiseanna ar mhargadh an tsaothair;

(h) for-rochtain, múscailt feasachta, treoir agus bearta tacaíochta a chur ar fáil, lena n-áirítear dreasachtaí chun go mbeidh rath ar an tionscnamh;

(i) marana a dhéanamh maidir le sineirgí a fhorbairt idir beartais agus gníomhaíochtaí éifeachtacha chun luathfhágáil na scoile agus céatadán na ndaoine fásta sin atá ar bheagán oiliúna agus/nó ar bheagán cáilíochtaí a laghdú, mar shampla sineirgí idir na beartais faoin ráthaíocht don aos óg agus faoi chonairí uas-scilithe;

(j) iarmhairt a ngníomhaíochtaí a mheas maidir leis an dul chun cinn atá déanta ag an spriocghrúpa na scileanna agus na cáilíochtaí a leagtar amach sa Mholadh a bhaint amach.

5. IARRANN SÍ ar an gCoimisiún an méid seo a leanas a dhéanamh:

(a) leanúint de thacaíocht a thabhairt do chur chun feidhme an Mholta maidir le conairí uas-scilithe, lena n-áirítear foghlaim fhrithpháirteach i measc na mBallstát agus na bpáirtithe leasmhara ábhartha, agus trí ghlaonna ar leith ar thograí ina ndírítear go sonrach ar chúnamh a thabhairt do na Ballstáit chun aghaidh a thabhairt ar na dúshláin a sainaithníodh sa tuarascáil mhachnaimh agus iniúchadh a dhéanamh ar an ról nuálach treisithe a d'fhéadfadh a bheith ann do na comhordaitheoirí náisiúnta don fhoghlaim aosach;

(b) comhar agus comhordú trasearnála ar an leibhéal Eorpach a éascú trí naisc a dhéanamh le tionscnaimh eile agus le cláir chistiúcháin de chuid an Aontais, agus an dea-chleachtas a mhalartú trí ghníomhaíochtaí foghlama frithpháirteacha eagraithe agus uirlisí ar nós an ríomh-Ardán don Fhoghlaim Aosach san Eoraip (EPALE) agus/nó Europass a úsáid;

(c) agus tograí beartais á gcur i dtoll a chéile, lena n-áirítear comharchreat don tréimhse ó 2020 amach, ní mór freisin an dúshlán fadtéarmach a bhaineann leis an bhfoghlaim aosach a chur san áireamh, agus an tsaincheist a bhaineann leo siúd a bhfuil na scileanna nó cáilíochtaí as dáta nó leo siúd atá ar íosleibhéal scileanna nó cáilíochtaí agus a bhfuil rochtain ar chonairí uas-scilithe de dhíth orthu;

(d) comhoibriú le comhlachtaí de chuid an Aontais (Cedefop, ETF) agus le heagraíochtaí idirnáisiúnta amhail OECD, na Náisiúin Aontaithe agus UNESCO agus tarraingt ar a gcuid saineolais chun aghaidh a thabhairt ar an dúshlán a bhaineann le huas-sciliú agus athoiliúint, lena n-áirítear trí thaighde agus anailís ábhartha a dhéanamh maidir leis an bhfoghlaim aosach agus measúnú scileanna (mar shampla PIAAC).

An cúlra polaitiúil

1. Moladh ón gCoimisiún 2008/867/CE an 3 Deireadh Fómhair 2008 maidir le daoine atá eisiata ó mhargadh an tsaothair a chuimsiú go gníomhach[13]

2. Rún ón gComhairle agus ó Ionadaithe Rialtais na mBallstát, ag teacht le chéile dóibh i dtionól na Comhairle an 21 Samhain 2008, maidir le treoir ar feadh an tsaoil a chomhtháthú níos fearr le straitéisí foghlama ar feadh an tsaoil[14]

3. Moladh ón gComhairle an 28 Meitheamh 2011 maidir le beartais chun luathfhágáil na scoile a laghdú[15]

4. Rún ón gComhairle maidir le Clár Oibre Eorpach athnuaite don Fhoghlaim Aosach[16]

5. Moladh ón gComhairle an 20 Nollaig 2012 maidir le foghlaim sheachfhoirmiúil agus neamhfhoirmiúil a bhailíochtú[17]

6. Moladh ón gComhairle an 22 Aibreán 2013 maidir le Ráthaíocht don Aos Óg a bhunú[18]

7. Tuarascáil Chomhpháirteach 2015 ón gComhairle agus ón gCoimisiún maidir le cur chun feidhme an chreata straitéisigh don chomhar Eorpach san oideachas agus san oiliúint (ET 2020)[19]

8. Moladh ón gComhairle an 15 Feabhra 2016 maidir le daoine atá dífhostaithe go fadtéarmach a chomhtháthú sa mhargadh saothair[20]

9. Teachtaireacht ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa, chuig an gComhairle, chuig Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa agus chuig Coiste na Réigiún – *A new skills agenda for Europe: working together to strengthen human capital, employability and competitiveness (10 June 2016)* [Clár oibre nua scileanna don Eoraip: ag obair le chéile chun an caipiteal daonna, an infhostaitheacht agus an t-iomaíochas a neartú (10 Meitheamh 2016)]

---

**13** IO L 307, 18.11.2008, lch. 11.
**14** IO C 319, 13.12.2008, lch. 4.
**15** IO C 191, 1.7.2011, lch. 1.
**16** IO C 372, 20.12.2011, lch. 1.
**17** IO C 398, 22.12.2012, lch. 1.
**18** IO C 120, 26.4.2013, lch. 1.
**19** IO C 417, 15.12.2015, lch. 25.
**20** IO C 67, 20.2.2016, lch. 1.

10. Moladh ón gComhairle an 19 Nollaig 2016 maidir le conairí uas-scilithe: Deiseanna nua do dhaoine fásta[21]

11. Moladh ón gComhairle an 22 Bealtaine 2017 maidir leis an gCreat Eorpach um Cháilíochtaí don Fhoghlaim ar feadh an tSaoil agus lena n-aisghairtear an Moladh ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Aibreán 2008 maidir le Creat Eorpach um Cháilíochtaí don Fhoghlaim ar feadh an tSaoil a bhunú (EQF)[22]

12. Cinneadh (AE) 2018/646 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 18 Aibreán 2018 maidir le creat coiteann le haghaidh soláthar seirbhísí níos fearr do scileanna agus do cháilíochtaí (Europass) agus lena n-aisghairtear Cinneadh Uimh. 2241/2004/CE[23]

13. Moladh ón gComhairle an 22 Bealtaine 2018 maidir le príomhinniúlachtaí don fhoghlaim ar feadh an tsaoil[24]

14. Conclúidí ón gComhairle maidir le dul chun cinn i dtreo fís de Limistéar Eorpach Oideachais[25]

---

[21] IO C 484, 24.12.2016, lch. 1.
[22] IO 189, 15.6.2017, lch. 15.
[23] IO L 112, 2.5.2018, lch. 42.
[24] IO C 189, 4.6.2018, lch. 1.
[25] IO C 195, 7.6.2018, lch. 7.